


An Leanbh



Leabhóg is ea Seán. **Caitheann** sé an lá sa phram. Bíonn sé **ag caoineadh** go minic. Tugann Mamaí buidéal bainne dó agus stadann sé ansin. Ní itheann sé aon rud. Nuair a bhíonn an lá go breá tugann Íde amach sa phram é. **Is maith leis** a bheith amuigh faoin aer. Uaireanta bíonn sé **ag béiceadh** san oíche. Is maith liom an leabhóg ach is fearr liom é nuair a bhíonn sé ciúin.

Foclóir:

ag caoineadh, crying **is fearr liom**, I prefer
uaireanta, sometimes **ciúin**, quiet

A. Líon isteach na bearnaí:

le—nbh, sa ph—am, bui—éal, ith—ann, uai—canta, béi—eadh, ci—in.

B. Scríobh amach an freagra ceart:

- Cé a thugann buidéal bainne don leabhóg?
— Seán.
— Íde.
— Mamaí.
- Cad a itheann an leabhóg?
— arán.
— Ní itheann sé aon rud.
— leitís.

- Cathain a bhíonn sé ag béiceadh?
— i rith an lae.
— ar maidin.
— san oíche.

C. Líon isteach na bearnaí:

- L— — is ea Seán.
- Bíonn sé ag — go minic.
- Is maith leis a bheith — faoin aer.
- Is fearr liom é nuair a bhíonn sé —.

D. Freagair na ceisteanna:

- Cad is ainm don leabhóg?
- Cathain a bhíonn sé ag caoineadh?
- Céard a ólann sé?
- Céard a dhéanann Íde nuair a bhíonn an lá go breá?

Gramadach 9

- (i) **Foghlaim:** liom linn
 leat libh
 leis leo
 léi

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Tá madra ag Íde. Is maith léi an madra.

- Tá madra ag Tomás. Is maith — an madra.
- Tá úlla ag na páistí. Is maith — na húlla.
- Fuair Liam agus mé féin cat. Is maith — an cat.
- Fuair tusa agus Úna úlla. Is maith — na húlla.

- (ii) **Foghlaim:** Tugaim Tugaimid
 Tugann tú Tugann sibh
 Tugann sé Tugann siad
 Tugann sí

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Nuair a thagann Íde ar scoil, **tugann sí** an leabhar don mhúinteoir.

- Nuair a thagaim ar scoil, — an leabhar don mhúinteoir.
- Nuair a thagann Seán ar scoil, — — an leabhar don mhúinteoir.
- Nuair a thagann Úna agus mé féin ar scoil, — an leabhar don mhúinteoir.